AN COIMISIÚN TOGHLACH

Táthar tar éis Coimisiún Toghlach a bhunú faoi alt 5 den Acht Toghcháin, 1997, chun tuarascáil a thabhairt faoi (a) na dáilcheantair ina dtoghtar comhaltaí don Dáil, agus (b) na toghlaigh ina dtoghtar comhaltaí do Pharlaimint na hEorpa.

1. I dtaca le Dáilcheantair, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún, le linn na forálacha iomchuí den Bhunreacht a urramú, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

    (a) ní bheidh an líon iomlán comhaltaí den Dáil, faoi réir Airteagal 16. 2. 2 den Bhunreacht, níos lú ná 164 ná níos mó ná 168;

    (b) toghfar triúr, ceathrar nó cúigear comhalta i ngach dáilcheantar;

    (c) seachnófar sárú teorainneacha contae a mhéid is indéanta (Measfar nach bhfolaíonn an tagairt do theorainneacha contae tagairt do theorainn cathrach nó d'aon teorainn idir aon dá cheann de chontaetha rialtais áitiúil Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin, Fine Gall agus Deisceart Bhaile Átha Cliath.

    (d) limistéir thadhlacha a bheidh i ngach dáilcheantar;

    (e) tabharfar aird ar chúrsaí geografacha lena n-áirítear gnéithe suntasacha fisiceacha agus fairsinge agus dlús an daonra i ngach dáilcheantar; agus

    (f) faoi réir na nithe sin thuas, déanfaidh an Coimisiún iarracht chun leanúnachas a choimeád ar bun i ndáil le socrú na ndáilcheantar.

2. I dtaca le toghlaigh Eorpacha, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas:

    (a) de réir fhorálacha Choradh Nice, is 12 líon iomlán na gcomhaltaí a thoghfar chuig Parlaimint na hEorpa ón Stát (13 i láthair na huaire);

    (b) beidh comhionannas réasúnach ionadaíochta ann amhail idir toghlaigh; agus

    (c) na nithe a shonraítear in (b) go (f) de mhír 1 thuas.

Tá aighneachtaí i scríbhinn á lorg ag an gCoimisiún maidir le nithe is ceart a bhreithniú le linn a thuarascáil a ullmhú. Is ceart aighneachtaí a sheoladh chuig An Rúnaí, an Coimisiún Toghlach, Seomra 1.65, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, nó le ríomhphost chuig constituency_commission@environ.ie.

Is ceart aighneachtaí faoi Dháilcheantair a chur ar fáil tráth nach déanaí ná **Dé Máirt an 31 Iúil 2007** agus is ceart aighneachtaí faoi thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa a chur ar fáil tráth nach déanaí ná **Dé hAoine an 31 Lúnasa 2007**.

Foilseofar aighneachtaí a gheobhaidh an Coimisiún ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.constituency-commission.ie agus féadfar socrú a dhéanamh roimh ré leis an gCoimisiún chun na haighneachtaí sin a iniúchadh i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1 (teileafón 01-8882339) idir 10.00am agus 4.30pm (Luan go hAoine) go dtí go mbeidh obair an Choimisiúin tugtha chun críche. Tá ceanglas ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis é a bhunú do (agus bunaíodh é an 26 Aibreán 2007).

Tá ráiteas ullmhaithe ag an gCoimisiún maidir leis na forálacha bunreachtúla a bhaineann le Dáilcheantair agus tá táblaí ullmhaithe aige ina dtaispeántar staitisticí maidir leis na Dáilcheantair láithreacha agus maidir le toghlaigh Pharlaimint na hEorpa, staitisticí atá bunaithe ar Dhaonáireamh 2006. Tá an ráiteas agus na táblaí sin ar fáil ón gCoimisiún ach iad a iarraidh agus tá siad ar fáil

freisin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.